**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur fheidhmigh an cosantóir de shárú ar Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile ("Comhaontú Comhlachais"), gur fheidhmigh an cosantóir de shárú ar Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2016/1037 ("bun-Rialachán") agus go ndearna an cosantóir mí-úsáid cumhachtaí trí dhleachtanna frithchúitimh a fhorchur, gan breithniú a dhéanamh ar thionscnamh fabhrach Mharacó GFF arna onnmhairiú ag an iarratasóir.
2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur theip ar an gcosantóir cúiseanna a lua, gur sháraigh sé cearta cosanta an iarratasóra, gur sháraigh sé an ceart chun dea-riarachán, go ndearna sé earráidí follasacha measúnaithe agus gur ghníomhaigh an cosantóir de shárú ar Airteagal 28(1) agus (3) den bhun-Rialachán trí fhíorais atá ar fáil a chur i bhfeidhm i gcoinne an iarratasóra.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an cosantóir earráidí follasacha measúnaithe, gur ghníomhaigh sé de shárú ar an gceart chun dea-riarachán agus de shárú ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán trína chur san áireamh nach raibh aon chúis chuí nó bonn cirt eacnamaíoch le bunú an iarratasóra.
4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an cosantóir earráidí follasacha measúnaithe agus gur ghníomhaigh sé de shárú ar an gceart chun dea-riarachán, ar phrionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne agus ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán bheith ag brath ar an gcinneadh gur "oibríocht chóimeála" é an próiseas monaraíochta a dhéantar i Maracó; agus
5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an cosantóir earráidí follasacha measúnaithe agus gur ghníomhaigh sé de shárú ar Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais trína chur san áireamh go bhfuil GFF an iarratasóra fós ag baint leasa as fóirdheontais a deonaíodh do tháirgeoirí GFF na Síne.

---

([1]) IO 2022 L 46, lch. 31.

---

**Caingean arna tabhairt an 9 Bealtaine 2022 – Groschopp v EUIPO (Sustainability through Quality)**

**(Cás T-253/22)**

(2022/C 237/99)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Groschopp AG Drives & More (Viersen, an Ghearmáin) (ionadaí: R. Schiffer, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "Sustainability through Quality" – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 158 368

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 1 Márta 2022 i gCás R 1076/2020-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.